

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 285 A



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

26 Iúil 2022

Clár

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

An Coimisiún Eorpach

2022/C 285 A/01

An Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (F4E) — Foilsíú folúntais d'fheidhm Stiúrthóra (Gníomhaire Sealadach — Grád AD 14) — COM/2022/20086

1

GA

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

AN COIMISIÚN EORPACH

An Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (F4E)**Foilsíú folúntais d'fheidhm Stiúrthóra****(Gníomhaire Sealadach — Grád AD 14)****COM/2022/20086**

(2022/C 285 A/01)

Cé sinn féin?

Bunaíodh an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (Fuinneamh Comhleá — F4E) le Cinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle ⁽¹⁾ ar feadh tréimhse 35 bliana. Is í Gníomhaireacht Baile Euratom de réir bhrí Chomhaontú ITER agus a fhorálacha cur chun feidhme.

Mar sin, is é príomhról F4E ná ranniocaíocht Eorpach (45 %) a thabhairt do thógáil thionscadal ITER, laistigh den bhuiséad, in am, agus i gcomhréir le riachtanais ITER. Is meaisín/feiste taighde comhleá é ITER, atá á thógáil faoi láthair in Cadarache na Fraince, a bheidh ina léim mhór i dtreo ghiniúint ghlan agus inbhuanaithe na cumhachta ó chomhleá, a chuirfidh foinsé fuinnimh ar fáil amach anseo lena gcomhlánófar foinsí in-athnuaite. Cuireann sínitheoirí eile Chomhaontú ITER (an tSín, an India, an tSeapáin, an Chóiré, an Rúis, agus SAM) comhpháirteanna ar fáil freisin. Cuireann F4E freisin le gníomhaíochtaí an Chur Chuige Níos Leathain leis an tSeapáin agus comhordaíonn sé gníomhaíochtaí mar ullmhúchán chun imoibreoireacht comhleá taispeána (DEMO) agus áiseanna gaolmhara a thógáil.

Tá F4E lonnaithe in Barcelona na Spáinne. Is é Béarla teanga oibre fhoireann an Chomhghnóthais, de réir chinneadh an Bhoird Rialaithe. I measc gheallsealbhóirí F4E tá Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún Eorpach, Eagraíocht ITER, Bord Rialaithe F4E, an tionscal, na saotharlanna comhleá Eorpacha agus an pobal i gcoitinne. Tá luach EUR 6,7 billiún ag na hacmhainní tásca le haghaidh F4E thar an tréimhse idir 2021 agus 2027. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi F4E, téigh chuig <https://fusionforenergy.europa.eu>

An tairiscint

Feidhm Stiúrthóir an Chomhghnóthais.

Is é Stiúrthóir an Chomhghnóthais an príomhoifigeach feidhmiúcháin, agus tá sé freagrach as bainistiú laethúil F4E agus is é a ionadaí dlíthiúil é. Tá an Stiúrthóir freagrach do Bhord Rialaithe F4E agus gníomhaíonn sé faoina threoir i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach mar ionadaí Euratom i gComhairle ITER. Tá an Stiúrthóir freagrach as bainistiú na heagraíochta agus déanann sé ionadaíocht ar F4E i leith Eagraíocht ITER.

Bainistíonn an Stiúrthóir foireann F4E a bhfuil a líon ag fás de réir a chéile le linn na tógála. Faoi láthair tá thart ar 440 ball foirne ann sa bhreis ar 400 ball foirne seachtracha, soláthraithe seirbhíse den chuid is mó. Beidh an fhorbairt a thiocfaidh air amach anseo ag brath ar riachtanais an tionscadail agus ar an dul chun cinn atá déanta agus ar mhaoiniú a bheith ar fáil.

⁽¹⁾ Cinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle an 27 Márta 2007 lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus lena dtugtar buntáistí dó (IO L 90, 30.3.2007, lch. 58), mar a leasaítear le Cinneadh 2013/791/Euratom ón gComhairle an 13 Nollaig 2013 (IO L 349, 21.12.2013, lch. 100), Cinneadh (Euratom) 2015/224 ón gComhairle an 10 Feabhra 2015 (IO L 37, 13.2.2015, lch. 8), agus Cinneadh (Euratom) 2021/281 ón gComhairle an 22 Feabhra 2021 (IO L 62, 23.2.2021, lch. 41).

I measc na bhfreagrachtaí atá ar an Stiúrthóir tá an méid seo a leanas:

1. Gnóthú chuspóirí F4E a áirithiú i gcomhréir lena mhisean, agus a áirithiú go háirithe go ndéanfar ranníocaíocht Eorpach (comhchineál agus airgead tirim) le hEagraíocht ITER in am, agus i gcomhréir le ceanglais ITER agus caighdeán sábháilteachta núicléiche, agus laistigh den bhuiséad formheasta;
2. Páirt a ghlacadh i mbainistiú tionscadail ITER atá comhtháite go hiomlán i ndlúthchomhar le hEagraíocht ITER, agus béim ar leith á leagan ar iarrachtaí a chuireann le feidhmiú rianúil tionscadal trí chomhiarrachtaí F4E agus Eagraíocht ITER;
3. Rannchuidiú le stiúradh foriomlán thionscadal ITER trí oibriú go héifeachtach leis na geallsealbhóirí uile, go háirithe Eagraíocht ITER (i gcur chuige “foireann amháin — tionscadal amháin”), Gníomhaireachtaí Baile eile ITER, agus an Coimisiún Eorpach;
4. Tuairisciú do Bhord Rialaithe F4E agus formheas a lorg uaidh maidir le cúrsaí straitéiseacha agus buiséadacha a bhaineann le F4E;
5. Bainistiú éifeachtúil acmhainní daonna a áirithiú, timpeallacht oibre fholláin chomhoibríoch a chur chun cinn bunaithe ar mhúinín, ar dhlúthpháirtíocht agus ar mheas, agus beartas éagsúlachta agus comhdheiseanna a chur i bhfeidhm, le tacaíocht ó sheirbhísí ábhartha an Choimisiúin a chomhroinneann an bainistiú acmhainní daonna is infheidhme sa Choimisiún;
6. Uirlisí bainistíochta iomchuí a mheas agus a chur chun feidhme, e.g. measúnú ar bhainistiú 360 céim, d’fhonn feidhmíocht agus athléimneacht na heagraíochta a áirithiú agus dálaí oibre leordhóthanacha a chur ar fáil i gcomhthéacs na ndúshlán bunúsach a bhaineann leis an tionscadal “First Of A Kind”;
7. Plean foriomlán tionscadail a ullmhú agus a chur chun feidhme ina leagfar amach clár oibre F4E, lena sainítear táscairí feidhmíochta chun dul chun cinn an tionscadail a rianú i gcomhréir le cuspóirí ITER, agus an úsáid is éifeachtaí d’acmhainní F4E a áirithiú;
8. Buiséad F4E a phleanáil agus a chur chun feidhme, i gcomhréir lena rialachán airgeadais⁽²⁾ agus lena bhainistíocht fhónta airgeadais, agus i ndlúthchomhar le seirbhísí an Choimisiúin;
9. Straitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun comhpháirteanna a sholáthar agus a sholáthar ag F4E laistigh den amscála, den cháilíocht agus den bhuiséad is gá, lena n-áirítear gach gníomhaíocht ghaolmhar T&D; Conarthaí soláthair a bhronnadh agus faireachán a dhéanamh orthu de réir nósanna imeachta soláthair phoiblí an Aontais agus le haird chuí ar bheartas tionsclaíoch an Aontais agus F4E;
10. Tuairisciú do na hInstitiúidí Eorpacha ábhartha agus do chomhlachtaí parlaiminteacha náisiúnta i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún;
11. Moltaí a eascraíonn as iniúchtaí arna ndéanamh ag seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh nó ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur chun feidhme agus obair leantach a dhéanamh orthu;
12. A áirithiú go nginfidh gníomhaíochtaí na heagraíochta sineirgí leis an gClár Comhleá Eorpach comhtháite (EUROfusion) agus forbairt thionscal an fhuinnimh chomhleá san Eoraip a chothú tuilleadh.
13. Ionadaíocht a dhéanamh ar F4E, lena n-áirítear go hidirnáisiúnta, i leith na bpáirtithe leasmhara uile.

Tá cur síos níos mionsonraithe ar chúraimí an Stiúrthóra ar fáil i gCinneadh 2007/198/Euratom.

Cad atá á lorg againn (na critéir roghnúcháin)?

Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith ag na hiarrthóirí:

Scileanna bainistíochta

— Taithí chruithaithe rathúil ar leibhéal ardbhainistíochta in eagraíocht mhór idirnáisiúnta, lena n-áirítear próisis athraithe a bhainistiú.

(²) Tá an téacs ar fáil in https://industryportal.f4e.europa.eu/IP_PAGES/keyreference.aspx

- Cumas cruthaithe agus cuntas teiste láidir maidir le bainistiú agus stiúradh acmhainní airgeadais agus daonna a bhaineann le seirbhís mhór.
- An cumas foirne ilchultúrtha de bhail foirne ardháilithe a stiúradh, a spreagadh agus a fhorbairt chun lán a gcumais agus gach duine aonair a spreagadh agus a fhorbairt chun lán a chumais.
- Feidhmiú mar imreoir foirne laistigh d'fhoireann bainistíochta eagraíochta atá ag obair ag teorainneacha na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na tionsclaíochta.
- Scileanna an-mhaith anailíseacha agus an cumas chun fadhbanna eagrúcháin agus oibríochta a réiteach.

Sainscileanna agus saintaithí

- Taithí ar thionscadail teicneolaíochta ceannródaíochta a bhainistiú i dtimpeallacht Eorpach nó idirnáisiúnta. Bheadh taithí a bhaineann le tógáil ar an gcéad saoráid teicneolaíochta ar scála mór ina buntáiste.
- An cumas gníomhaíochtaí móra soláthair thionsclaíoch a bhainistiú i gcomhréir leis na caighdeáin is airde cuntasachta agus ceanglas trédhearcachta agus i gcomhréir leis na rialacha Eorpacha is infheidhme maidir le soláthar poiblí.
- Bheadh taithí ar shaoráidí núicléacha a thógáil agus/nó a bhainistiú, idirghníomhaíochtaí le húdarás sábháilteachta núicléiche san áireamh, ina bhuntáiste.
- Bheadh tuiscint ar theicneolaíochtaí feistí comhleá agus ar na gníomhaíochtaí taighde, beartais agus cláir Eorpacha agus idirnáisiúnta ina buntáiste.

Buanna pearsanta

- Sárscileanna cumarsáide agus idirbheartaíochta agus an cumas caidreamh fadtéarmach táirgiúil a chothú le conraitheoirí agus le páirtithe leasmhara eile.
- An cumas ionadaíocht sheachtrach a dhéanamh ar F4E agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le gach páirtí leasmhar.
- Scileanna idirphearsanta láidre agus an cumas cumarsáid sa dá threo a áirithiú leis an bhfoireann.

Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí (ceanglais incháilitheachta)

Is ar bhonn na gcritéar foirmiúil seo a leanas amháin, nach mór iad a bheith comhlóna **faoin sprioc-am le hiarratas a dhéanamh**, a chuirfear na hiarrthóirí san áireamh nuair a bheidh an rogha á dhéanamh:

- *Náisiúntacht*: ní mór do na hiarrthóirí a bheith ina saoránaigh de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh. Faoi réir cinnidh ó Bhord Rialaithe F4E chun eisceacht a údarú i gcomhréir le hAirteagal 12.2, pointe (a), de Choimníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, más gá, chun an Stiúrtóir Feidhmiúcháin a cheapadh, féadfaidh saoránaigh de chuid na dtíortha seo a leanas ar baill de F4E iad ag an dáta deiridh le haghaidh clárúcháin iarratais a chur isteach freisin: an Eilvéis, an Ríocht Aontaithe.
- *Céim nó dioplóma ollscoile*: ní mór d'iarrthóirí:
 - leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó,
 - nó leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr agus taithí ghairmiúil iomchuí bliain amháin ar a laghad i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad (ní féidir an bhliain amháin sin de thaithí ghairmiúil a chur san áireamh sa taithí ghairmiúil iarchéime a iarrtar thíos).

- *Taithí ghairmiúil*: ní mór d'iarrthóirí taithí ghairmiúil iarchéime 15 bliana ⁽³⁾ ar a laghad a bheith acu ar leibhéal ar féidir tosú air leis na cáilíochtaí dá dtagraítear thuas. Ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí ghairmiúil sin a bheith faighte i réimse a bhaineann le gníomhaíochtaí an Chomhghnáthais.
- *Taithí bhainistíochta*: ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí oibre iarchéime a bheith faighte i bhfeidhm bainistíochta ardleibhéil ⁽⁴⁾ i réimse atá ábhartha don phost seo.
- *Teangacha*: ní mór d'iarrthóirí eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ⁽⁵⁾ agus eolas sásúil ar cheann eile de na teangacha oifigiúla sin. Deimhneoidh na painéil roghnúcháin le linn na n-agallamh an gcomhlíonann iarrthóirí an ceanglas maidir le heolas sásúil ar cheann eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfaí an t-agallamh nó cuid den agallamh a dhéanamh sa teanga eile sin mar chuid den tástáil sin.
- *Teorainn aoise*: ní mór d'iarrthóirí a bheith in ann, ag an sprioc-am le hiarratais a dhéanamh, an sainordú iomlán 5 bliana a chur i gcrích sula mbainfidh siad aois scoir amach. I gcás baill foirne shealadacha de chuid an Aontais Eorpaigh, sainítear an aois scoir mar dheireadh na míosa ina mbeidh 66 bliana slán ag an duine (féach Airteagal 47 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh ⁽⁶⁾).

Roghnú agus ceapadh

Ceapfaidh Bord Rialaithe F4E an Stiúrthóir ar bhonn gearrliosta a chuirfidh an Coimisiún Eorpach ar fáil.

Chun an gearrliosta sin a thiomsú, eagróidh an Coimisiún Eorpach an roghnú de réir a nós imeachta roghnúcháin agus earcaíochta (féach an Doiciméad ar Bheartas Oifigeach Sinsearach ⁽⁷⁾).

Mar chuid den nós imeachta roghnúcháin seo, cuireann an Coimisiún Eorpach painéal réamhroghnúcháin ar bun a bhféadfadh ionadaí arna cheapadh ag Bord Rialaithe an Chomhghnáthais agus breathnóir amháin arna cheapadh ag an mBord Rialaithe a bheith air. Déanfaidh an painéal sin anailís ar na hiarratais go léir, rachaidh sé ar aghaidh leis an gcéad fhíorú incháilitheachta agus sainaitheoidh sé na hiarrthóirí a bhfuil na próifílí is fearr acu i bhfiainse na gcrítéar roghnúcháin a luaitear thuas, iarrthóirí a bhféadfaí cuireadh a thabhairt dóibh agallamh a dhéanamh leis an bpainéal réamhroghnúcháin.

I ndiaidh na n-agallamh sin, tarraingeoidh an painéal réamhroghnúcháin suas a thuairimí agus molfaidh sé liosta iarrthóirí le haghaidh agallaimh eile le Coiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh um Cheapacháin (CCA). Cuirfidh CCA na tuairimí ón bpainéal réamhroghnúcháin san áireamh agus é ag cinneadh cé na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

Glacfaidh na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh le CCA dóibh páirt in ionad measúnaithe bainistíochta a mhairfidh lá iomlán a reáchtálfadh comhairleoirí earcaíochta seachtracha. Agus torthaí an agallaimh agus thuarascáil an ionaid measúnaithe á gcur san áireamh aige, tiomsóidh CCA gearrliosta d'iarrthóirí a mheasann sé a bheadh oiriúnach chun bheith ag feidhmiú mar Stiúrthóir F4E.

Is é Comhalta an Choimisiúin atá freagrach as an Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil caidreamh leis an gComhghnáthas faoina cúram a chuirfidh na hiarrthóirí atá ar ghearrliosta CCA faoi agallamh ⁽⁸⁾.

I ndiaidh na n-agallamh sin, glacfaidh an Coimisiún Eorpach gearrliosta de na hiarrthóirí is oiriúnaí, agus cuirfean an gearrliosta sin in iúl do Bhord Rialaithe F4E. Féadfaidh an Bord Rialaithe cinneadh a dhéanamh na hiarrthóirí a chur faoi agallamh sula ndéanfaidh siad an Stiúrthóir a cheapadh as na hiarrthóirí ar ghearrliosta an Choimisiúin. Ní hionann duine a bheith ar an bpainéal agus ráthaíocht a bheith aige go gceapfar é.

D'fhéadfaí a iarraidh ar iarrthóirí dul faoi agallaimh bhreise agus/nó tástálacha breise a dhéanamh, sa bhreis orthu siúd a luadh thuas. D'fhéadfadh sé go mbeadh ceanglas orthu freisin ráiteas a chur faoi bhráid choiste/choistí ábhartha Pharlaimint na hEorpa.

⁽³⁾ Ní chuirtear taithí ghairmiúil san áireamh ach amháin más caidreamh oibre iarbhrí atá i gceist léi, caidreamh atá sainmhínithe mar obair chearta a bhfuair an t-iarrthóir pá aisti mar fhostaí (ar aon chineál conartha) nó mar sholáthraí seirbhíse. Is ar bhonn *pro rata* a dhéanfar gníomhaíochtaí gairmiúla a rinneadh ar bhonn páirtaimseartha a ríomh, de réir an chéatadáin dheimhnithe de na huaireanta lánaimseartha a d'oibrigh an t-iarrthóir. Tá saoire máithreachais/saoire tuismitheora/saoire uchtaithe san áireamh más faoi chuimsiú conartha oibre a glacadh an tsaoire sin. Is cuid den taithí ghairmiúil í céim dhochtúra, fiú amháin nuair nach dochtúireacht ar pá í, ach uastréimhse 3 bliana amháin atá i gceist sa chás sin, agus ar choinníoll gur éirigh leis an iarrthóir an dochtúireacht a bhaint amach. Ní féidir tréimhse faoi leith a chomhaireamh ach uair amháin.

⁽⁴⁾ Ba cheart do na hiarrthóirí an méid seo a leanas a léiriú go soiléir ina gcuircláim vitae i dtaca leis na blianta uile a bhfuair siad taithí bhainistíochta lena linn: (1) teideal agus ról na bpost bainistíochta a bhí acu; (2) an líon ball foirne a ndearna siad maoirseacht orthu sna poist sin; (3) méid na mbuiséad a bhainistigh siad; (4) líon na sraitheanna ordlathais os a gcionn agus faoina mbun; agus (5) líon a bpiaraí.

⁽⁵⁾ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01958R0001-20130701>

⁽⁶⁾ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140701>

⁽⁷⁾ https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/compilation-of-the-senior-official-policy-at-the-european-commission_en.pdf (níl seo ar fáil ach i mBéarla)

⁽⁸⁾ Ach amháin i gcás ina dtarmilgfidh an Comhalta den Choimisiún lena mbaineann, i gcomhréir le Cinneadh ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2007 (PV(2007) 1811), agus an 30 Meán Fómhair 2020 (PV(2020) 2351) an cúram sin do Chomhalta eile de chuid an Choimisiúin.

Ba cheart don iarrthóir a roghnófar deimhniú bailí imréitigh slándála óna údarás náisiúnta slándála a bheith aige nó a bheith in ann an deimhniú sin a fháil. Is cinneadh riaracháin é an t-imréiteach slándála pearsanta a dhéantar i ndiaidh grinnfhiosrúchán slándála a chur i gcrích, grinnfhiosrúchán a rinne údarás náisiúnta slándála inniúil an iarrthóra i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta slándála is infheidhme, agus lena ndeimhnítear go bhféadfar cead a thabhairt do dhuine aonair rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnaicmithe suas le leibhéal áirithe. (Tabhairt do d'aire gur ar iarraidh an fhostóra amháin is féidir tús a chur leis an nós imeachta is gá maidir le himréiteach slándála, agus ní ar iarraidh an iarrthóra).

Ní bheidh rochtain ag an iarrthóir ar fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó os a chionn sin, agus ní fhreastalóidh an t-iarrthóir ar aon chruinniú ag a bpléifear FRAE den sórt sin, go dtabharfaidh an Ballstát lena mbaineann an t-imréiteach slándála pearsanra agus go gcuirfear an nós imeachta imréitigh i gcrích leis an seisiún faisnéise, a bhfuil ceangal dlí leis, ó Stiúrthóireacht Slándála an Choimisiúin.

Éagsúlacht agus Cuimsiú

Aithnítear sa Chomhghnóthas gur gné thábhachtach í cothromaíocht shláintiúil oibre agus saoil do go leor daoine agus go mbítear ag súil níos mó agus níos mó le timpeallacht oibre nua-aimseartha in eagraíochtaí poiblí freisin. Mar fhostóir, tá an Comhghnóthas tiomanta do chomhionannas inscne a áirithiú agus idirdhealú ar aon fhoras a chosc. Is díol sásaimh dó iarratais ó gach iarrthóir cáilithe ó chúlraí éagsúla, ó gach cumas agus ón mbonn geografach is leithne is féidir i measc Bhallstáit an Aontais. Chun comhionannas inscne a chur chun cinn, spreagann an Comhghnóthas iarratais ó mhná go háirithe. Is féidir cúnamh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas le linn an nós imeachta earcaíochta. Chun tuilleadh eolais a fháil, seol ríomhphost chuig hr-selections@f4e.europa.eu agus/nó féach ar an suíomh gréasáin <https://fusionforenergy.europa.eu/>

Coinníollacha fostaíochta

Leagtar síos na tuarastail agus na coinníollacha fostaíochta i gCoinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

Déanfaidh F4E an t-iarrthóir ar éirigh leis a fhostú mar Ghníomhaire Sealadach ag grád AD 14 ⁽⁹⁾. Rangófar é i gcéim 1 nó i gcéim 2 laistigh den ghrád sin, de réir fhada a thaithe gairmiúla roimhe sin.

Déanfar é a cheapadh le tréimhse oifige thosaigh 5 bliana, agus an fhéidearthacht ann síneadh 5 bliana ar a mhéad a chur léi de réir an Rialacháin lena mbunaítear an Comhghnóthas de réir mar is infheidhme tráth an cheapacháin.

Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear faoi Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh nach mór do gach ball foirne nua tréimhse fhrómhaidh 9 mí a chur i gcrích a mbeidh toradh sásúil uirthi.

Is é Barcelona na Spáinne an áit fostaíochta.

Beidh an folúntas ann ón an 1 Eanáir 2024 amach.

Neamhspleáchas agus dearbhú leasanna

Sula rachaidh an Stiúrthóir i mbun a chuid dualgas, cuirfear de cheangal air dearbhú a thabhairt go bhfuil sé tiomanta a bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe leis an bpobal agus aon leas atá aige a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas a dhearbhu.

Nós imeachta maidir le hiarratas a dhéanamh

Sula gcuirfear an t-iarratas isteach, ba cheart don iarrthóir a sheiceáil go cúramach an gcomhlíonann sé gach ceann de na ceanglais incháilitheachta (“Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí”), go háirithe iad sin a bhaineann leis na cineálacha dioplóma, an taithí oibre ardleibhéil agus an acmhainn theangeolaíoch atá ag teastáil. Má tá aon cheann de na riachtanais incháilitheachta nach gcomhlíonann an t-iarrthóir, eisiafar é go huathoibríoch ón bpróiseas roghnúcháin.

Más mian leat iarratas a dhéanamh, ní mór duit clárú tríd an idirlíon ar an suíomh gréasáin seo thíos agus na treoracha maidir le céimeanna éagsúla an phróisis a leanúint:

<https://ec.europa.eu/dgs/human-resources/seniormanagementvacancies/>

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat. Bainfear úsáid as an seoladh ríomhphoist sin chun do chlárú a dheimhniú agus chun dul i dteagmháil leat ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Dá bhrí sin, coinnigh an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon athrú ar do sheoladh ríomhphoist.

⁽⁹⁾ Tá an chomhéifeacht cheartúcháin is infheidhme don Spáinn maidir le luach saothair agus pinsin oifigeach agus seirbhíseach eile de chuid an Aontais socraithe ag 96,3% ón 1 Iúil 2021. Tá an chomhéifeacht sin faoi réir athbhreithniú bliantúil.

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór duit CV a uaslódáil i bhformáid PDF, i bhformáid CV Europass ⁽¹⁰⁾ más féidir é, agus litir inspreagtha a líonadh isteach ar líne (uasmhéid 8 000 carachtar). Is féidir leat an CV agus an litir inspreagtha a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Ar chríochnú do chlárúcháin ar líne duit, gheobhaidh tú ríomhphost a dheimhneoidh gur cláraíodh d'iarratas. **Mura bhfaighidh tú ríomhphost deimhnithe, níor cláraíodh d'iarratas!**

Tabhair do d'aire nach féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn d'iarratais ar líne. Rachaidh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil go díreach leat maidir le stádas d'iarratais.

Má tá tuilleadh eolais uait nó má bhíonn fadhbanna teicniúla agat, seol ríomhphost chuig:

HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu

Dáta deiridh

Is é an **23 Meán Fómhair 2022, 12.00 meán lae, am na Bruiséile**, an sprioc-am le clárú. Ní féidir clárú ina dhiaidh sin.

Is fútsa atá sé do chlárúcháin ar líne a chríochnú in am. Moltar go láidir duit gan fanacht go dtí cúpla lá roimh an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh, mar go bhféadfadh trácht trom ar an idirlíon nó fadhb a bhaineann leis an nasc idirlín deireadh a chur leis an gclárúcháin ar líne sula mbeadh sé críochnaithe agat, rud a chuirfeadh iallach ort an próiseas clárúcháin a thosú athuair. Nuair a bheidh an sprioc-am le hiarratas a chur isteach thart, ní bheidh tú in ann tuilleadh sonraí a chur isteach. Ní ghlactar le clárúcháin dhéanacha.

Eolas tábhachtach d'iarrthóirí

Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur faoi rún atá an obair a dhéanann na painéil roghnúcháin éagsúla. Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, bíodh sé díreach nó indíreach, le comhaltaí na bpainéal sin, agus tá cosc ar dhuine ar bith eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Ní mór gach fiosrúcháin a sheoladh chuig rúnaíocht an phainéil ábhartha.

Sonraí pearsanta a chosaint

Áiritheoidh an Coimisiún go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹¹⁾. Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus le slándáil na sonraí sin.

⁽¹⁰⁾ Tá eolas le fáil faoi conas CV Europass a chruthú ar líne ag: <https://europa.eu/europass/en/create-europass-cv>

⁽¹¹⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA